Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017
(OR. en)

15548/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0017 (COD)

CODEC 2044
CLIMA 343
ENV 1052
AVIATION 187
IND 372
ENER 505

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun leanúint ar aghaidh leis na teorainneacha atá i bhfeidhm faoi láthair ar an scóip do ghníomhaíochtaí eitlíochta agus chun ullmhú do bheart atá bunaithe ar an margadh domhanda a chur chun feidhme ó 2021 ar aghaidh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 3 Feabhra 2017, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 31 Bealtaine 2017[2]. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 12 Nollaig 2017.

---

1 5968/17.
2 IO C 288, 31.8.2017, lch. 75.

4. Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 6 Nollaig 2017, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe go gcomhaontaíonn sé leis an seasamh sin agus chomhaontaigh sé an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh, mar a leagtar amach é in PE-CONS 55/17, a ghlacadh, mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Ríochta Aontaithe ag staonadh; agus

- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.